2024/3224

23.12.2024

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3224 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa tSlóvaic

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 8407)

(Is é an téacs sa tSlóvaicis amháin atá barántúil)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 35(3) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Chonarthaí Poiblí,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. FÍORAIS

1.1. An Iarraidh

(1) An 14 Meitheamh 2024, chuir Slovenská pošta, a.s. ('an t-iarratasóir') iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin de bhun Airteagal 35(1) de Threoir 2014/25/AE ('an iarraidh'). Comhlíonann an iarraidh na ceanglais fhoirmiúla a leagtar amach in Airteagal 1(1) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún ([2]) agus in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(2) Baineann an iarraidh le seirbhísí poist áirithe chomh maith le seirbhísí áirithe seachas seirbhísí poist, dá dtagraítear in Airteagal 13(1) de Threoir 2014/25/AE, seirbhísí a sholáthraíonn an t-iarratasóir i gcríoch na Slóvaice. Tugtar tuairisc ar na seirbhísí lena mbaineann mar a leanas san iarraidh:

Seirbhísí poist:

(a) Is éard atá i gceist le seirbhísí beartseachadta intíre beartáin a imréiteach, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh ar an margadh intíre.

(b) Is éard atá i gceist le seirbhísí beartán caighdeánacha idirnáisiúnta beartáin a imréiteach, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh gan aon bhreisluach ar an margadh idirnáisiúnta.

(c) Is éard atá i gceist le seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta beartáin a bhfuil breisluach leo a imréiteach, a shórtáil, a iompar agus a sheachadadh ar an margadh idirnáisiúnta.

(d) Is éard atá i gceist le seirbhísí cúiréireachta lastais a bhailítear ón seoltóir agus a iompraítear go díreach agus a sheachadtar chuig an seolaí gan aon bhailiú, sórtáil ná próiseáil chomhchosúil ar na lastais. Tá an lastas faoi mhaoirseacht an duine chéanna ó fháil go seachadadh.

([1]) IO L 94, 28.3.2014, lch. 243.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1804 ón gCoimisiún an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir leis na rialacha mionsonraithe i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagail 34 agus 35 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (IO L 275, 12.10.2016, lch. 39).

Seirbhísí seachas seirbhísí poist:

(e) Seirbhísí seachadta poist gan seoladh a bhaineann le seirbhísí eile seachas seirbhísí poist dá dtagraítear in Airteagal 13(1)(b) de Threoir 2014/25/AE. Fágann siad gur féidir oll-dáileadh tapa a dhéanamh ar ábhar clóite ar an margadh intíre, arb é atá ann ábhar fógraíochta, margaíochta agus poiblíochta ([3]).

(3) Seasamh réasúnaithe a bhfuil bunús leis arna ghlacadh ag údarás náisiúnta neamhspleách atá inniúil maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, arb údarás é dhéanann mionanailís ar an gcoinníoll i dtaca le hinfheidhmeacht Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE maidir leis an ngníomhaíocht lena mbaineann, i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 den Airteagal sin, ní raibh seasamh den sórt sin ag gabháil leis an iarraidh. I gcomhréir le pointe 1(a) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, ós rud é go dtoimhdítear sa chás seo go bhfuil saor-rochtain ar na margaí ar bhonn na chéad fhomhíre d'Airteagal 34(3) den Treoir sin, tá an Coimisiún le Cinneadh Cur Chun Feidhme a ghlacadh maidir leis an iarraidh laistigh de 105 lá oibre.

(4) Tar éis iarrataí ón gCoimisiún an 2 agus an 8 Iúil 2024, agus an 20, 21, 22, 28 Lúnasa 2024, an 6, 9 agus 10 Meán Fómhair 2024, chuir an t-iarratasóir faisnéis bhreise isteach an 3, 11, 12 Iúil, an 22, 23, 27 Lúnasa, agus an 1, 11, 12 agus 16 Meán Fómhair 2024.

1.2. **An tIarratasóir**

(5) Is soláthraí seirbhíse poist sa tSlóvaic agus eintiteas conarthach é an t-iarratasóir de réir bhrí Airteagal 4(2) de Threoir 2014/25/AE. Is é an t-iarratasóir an t-aon eintiteas conarthach sa tSlóvaic a sholáthraíonn seirbhísí poist agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist de réir bhrí Airteagal 13(2), pointí (b) agus (c) dá réir sin, de Threoir 2014/25/AE ([4]).

2. **CREAT DLÍTHIÚIL**

(6) Tá feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist dá dtagraítear in Airteagal 13(2), pointe (b), den Treoir sin a shaothrú.

(7) Tá feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí a dhámhachtain chun gníomhaíochtaí a shaothrú a bhaineann le seirbhís poist gan seoladh a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 13(2), pointe (c)(ii), den Treoir sin agus de réir brí seirbhísí eile seachas seirbhísí poist dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (b), den Treoir sin, ar choinníoll gurb é eintiteas a sholáthraíonn seirbhísí poist freisin de réir bhrí Airteagal 13(2), pointe (b), den Treoir sin a sholáthraíonn na seirbhísí sin agus ar choinníoll nach gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34(1) den Treoir sin i leith na seirbhísí sin.

(8) De bhun Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE, níl conarthaí atá beartaithe chun feidhmiú gníomhaíochta lena mbaineann an Treoir sin a chumasú le bheith faoi réir na Treorach sin más féidir leis an mBallstát nó leis na heintitis chonarthacha ábhartha a léiriú go bhfuil an ghníomhaíocht neamhchosanta go díreach ar iomaíocht ar mhargaí nach bhfuil rochtain orthu srianta sa Bhallstát ina ndéantar í.

(9) Déantar neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a mheasúnú ar bhonn critéir oibiachtúla, agus saintréithe sonracha na hearnála lena mbaineann á gcur san áireamh ([5]). Tá an measúnú sin teoranta, áfach, de bharr na spriocdhátaí gearra is infheidhme agus an ghá le bheith ag brath ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún. Eascraíonn an fhaisnéis sin as foinsí atá ar fáil cheana nó as an bhfaisnéis a fuarthas i gcomhthéacs na hiarrata de bhun Airteagal 35 de Threoir 2014/25/AE agus ní féidir an fhaisnéis sin a fhorlíonadh le modhanna a ídíonn níos mó ama, lena n-áirítear, go háirithe, fiosrúcháin phoiblí atá dírithe ar na hoibreoirí eacnamaíocha lena mbaineann ([6]). An measúnú maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht is féidir a dhéanamh i gcomhthéacs Threoir 2014/25/AE, is rud é atá gan dochar dá bhrí sin do chur i bhfeidhm iomlán dhlí na hiomaíochta ([7]).

([3]) Iarraidh, leathanach 3.
([4]) Iarraidh, leathanach 4.
([5]) Treoir 2014/25/AE, aithris 44.
([6]) *Ibid.*
([7]) *Ibid.*

(10) Meastar go bhfuil rochtain ar mhargadh neamhshrianta má rinne an Ballstát lena mbaineann na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena n-osclaítear earnáil áirithe nó cuid di, má rinne sé na gníomhartha sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Liostaítear na gníomhartha dlí sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE.

(11) An neamhchosaint dhíreach ar an iomaíocht i margadh faoi leith, is rud í ar cheart meastóireacht a dhéanamh uirthi ar bhonn critéir éagsúla, nach bhfuil aon cheann acu ina chritéar cinntitheach as féin.

(12) Chun a mheasúnú an bhfuil na gníomhaíochtaí ábhartha faoi réir iomaíocht dhíreach sna margaí a bhaineann leis an gcinneadh seo, cuirfear an sciar den mhargadh atá ag na príomhghníomhaithe agus an líon gníomhaithe margaidh san áireamh.

(13) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm na rialacha maidir le hiomaíocht agus do réimsí eile de dhlí an Aontais. Go háirithe, ní gá gurb ionann na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar an neamhchosaint dhíreach don iomaíocht faoi Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE agus na critéir agus an mhodheolaíocht a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh faoi Airteagal 101 nó 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh nó faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ([8]) ón gComhairle mar a dhearbhaigh an Chúirt Ghinearálta ([9]).

(14) Is é is aidhm don Chinneadh seo a shuíomh an bhfuil na seirbhísí lena mbaineann an iarraidh neamhchosanta ar leibhéal iomaíochta mar sin (i margaí nach bhfuil rochtain orthu srianta de réir bhrí Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE) lena n-áiritheofar, in éagmais an smachta atá mar thoradh ar na rialacha mionsonraithe soláthair a leagtar amach i dTreoir 2014/25/AE freisin, go ndéanfar soláthar do shaothrú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann ar bhealach trédhearcach neamh-idirdhealaitheach bunaithe ar chritéir lena ligtear do cheannaitheoirí an réiteach is buntáistí go heacnamaíoch a shainaithint.

3. **MEASÚNÚ**

(15) Tá an Cinneadh seo bunaithe ar an staid dhlíthiúil agus fhíorasach ó mhí an Mheithimh 2024 ar aghaidh agus ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach agus ar an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí. Is féidir go ndéanfar athbhreithniú air má fhágann athruithe suntasacha ar an staid dhlíthiúil nó fhíorasach nach mbeidh coinníollacha infheidhmeachta Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE á gcomhlíonadh a thuilleadh.

3.1. **Rochtain neamhshrianta ar an margadh**

(16) Meastar go bhfuil rochtain ar mhargadh neamhshrianta má rinne an Ballstát lena mbaineann na gníomhartha dlí ábhartha de chuid an Aontais lena n-osclaítear earnáil áirithe nó cuid di, má rinne sé na gníomhartha sin a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm. Liostaítear na gníomhartha dlí sin in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2014/25/AE, lena n-áirítear, a mhéid a bhaineann le seirbhísí poist, Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]).

(17) Rinne an tSlóvaic Treoir 97/67/CE a thrasuí ([11]) agus cuireann sí i bhfeidhm í. Dá bhrí sin, meastar rochtain ar an margadh ábhartha a bheith neamhshrianta i gcomhréir le hAirteagal 34(3) de Threoir 2014/25/AE.

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán CE um Chumaisc) (IO L 24, 29.1.2004, lch. 1).

([9]) Breithiúnas an 27 Aibreán 2016, *Österreichische Post AG v An Coimisiún*, t-463/14, ECLI:EU:T:2016:243, mír 28. Féach freisin Treoir 2014/25/AE, aithris 44.

([10]) Treoir 97/67/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Nollaig 1997 maidir le comhrialacha chun an margadh inmheánach Comhphobail i seirbhísí poist a fhorbairt agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú (IO L 15, 21.1.1998, lch. 14).

([11]) Déantar an Treoir a thrasuí go hiomlán i reachtaíocht náisiúnta na Slóvaice le Dlí Poist Uimh. 324/2011 maidir le seirbhísí poist agus maidir le leasuithe agus forlíontaí ar ghníomhartha áirithe an 23 Samhain 2019.

3.2. **Measúnú iomaíochta**

3.2.1. *Sainmhíniú ar mhargadh táirgí ábhartha*

Seirbhísí poist

(18) Chinn an Coimisiún i gcinntí roimhe seo ([12]) gur féidir an margadh do sheirbhísí seachadta poist a dheighilt ina sheirbhísí mearsheachadta agus ina ghnáthsheirbhísí seachadta (dá ngairtear 'seirbhísí iarchurtha' freisin). Cuirtear san áireamh sa deighilt sin go mbíonn mearsheirbhísí níos tapúla agus níos iontaofa ná gnáthsheirbhís, go n-éilíonn gach ceann de na seirbhísí sin bonneagar éagsúil agus go gcuimsíonn mearsheirbhísí gnéithe breise seirbhíse breisluacha, amhail seirbhísí rianaithe agus lorgaireachta, agus go mbíonn siad níos costasaí de ghnáth freisin.

(19) Tá an t-iarratasóir den tuairim nach gá an margadh intíre le haghaidh seirbhísí beartseachadta a dheighilt idir mear agus caighdeánach. Dar leis an iarratasóir, i gcás an mhargaidh intíre sa tSlóvaic, tá na seirbhísí uile a thairgtear an-chosúil (i.e., inionadaithe) i dtéarmaí na gcritéar sonraithe, lena n-áirítear am idirthurais, praghas agus seirbhísí breisluacha. Dá bhrí sin, measann an t-iarratasóir gurb é an margadh ábhartha chun críche na hiarrata sin an margadh le haghaidh seirbhísí beartseachadta (ina iomláine) ([13]).

(20) Cé nach bhfuil an cur chuige sin i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin roimhe seo, measann an Coimisiún, sa chás seo, go dtugann socruithe éagsúla na n-oibreoirí seirbhísí poist sa tSlóvaic raon feidhme suntasach d'ionadú ar thaobh an tsoláthair ([14]). Úsáideann gach oibreoir seirbhísí poist an líonra céanna chun táirgí mearsheachadta agus táirgí iarchurtha araon a loingsiú. Go beacht, is iad na trucailí céanna a dháileann na míreanna poist uile tríd an líonra céanna (gan beann ar cibé acu litir phoist, beartán caighdeánach, beartán mearsheachadta nó seirbhísí eile a sholáthraíonn na hoibreoirí é sin) ([15]). I ndáil leis an méid sin, is ionann na príomhchéimeanna uile den slabhra beartseachadta intíre amhail bailiú, iompar idir pointí bailithe agus moil, sórtáil, iompar seirbhíse líne, iompar ó mhoil sórtála go comhiomlánú agus/nó oifigí poist, seachadadh le haghaidh mearseirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha ([16]). Ina theannta sin, tairgeann na príomhoibreoirí margaidh seachadadh neamhráthaithe dá gcustaiméirí le haghaidh gach cineál beartán laistigh den seachadadh an lá dár gcionn agus tairgeann a bhformhór seachadadh ráthaithe an lá dár gcionn, le táille bhreise ([17]). De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, is é an seachadadh an lá dár gcionn nach bhfuil ráthaithe an gnáthlá seachadta agus measann na custaiméirí gurb é sin an lá seachadta ([18]). Dá bhrí sin, dealraíonn sé go dtairgtear le mearseirbhísí beartán i margadh intíre na Slóvaice luas seachadta atá comhchosúil le gnáthseirbhísí beartán sa mhargadh intíre céanna. Tugann an Coimisiún dá aire freisin go bhfuil gnéithe breise seirbhíse breisluacha, amhail seirbhísí rianaithe agus lorgaireachta, atá ar fáil do thomhaltóirí mar an gcéanna le haghaidh seirbhísí beartseachadta caighdeánacha agus mearbheartseachadta ([19]). Dá bhrí sin, ní féidir soláthar seirbhísí breisluacha a mheas mar fhachtóir chun teacht ar an gconclúid go bhfuil deighilt margaí idir seirbhísí caighdeánacha agus mearseirbhísí sa tSlóvaic. Léiríonn na tosca thuasluaite go bhfuil margadh foriomlán aonair ann lena gcuimsítear mearseirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha araon. Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gá idirdhealú a dhéanamh idir mearseirbhísí agus seirbhísí caighdeánacha.

([12]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1228 ón gCoimisiún an 7 Meitheamh 2023 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí a dhámhachtain le haghaidh na gníomhaíochta a bhaineann le seirbhísí mearbheartseachadta sa Liotuáin (IO L 160, 26.6.2023, lch. 33), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/737 ón gCoimisiún an 27 Bealtaine 2020 maidir le hinfheidhmeacht Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann le seirbhísí poist áirithe a sholáthar sa Danmhairg (IO L 172, 3.6.2020, lch. 23), Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2019 maidir le hinfheidhmeacht Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le conarthaí arna ndámhachtain le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe a bhaineann le seirbhísí poist áirithe agus seirbhísí eile seachas seirbhísí poist a sholáthar sa Chróit (IO L 189, 15.7.2019, lch. 75). Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, 21.4.2009, mír 54.

([13]) Iarraidh, pointe 8.

([14]) I gCás M.7630 FedEx/TNT Express, rinneadh measúnú mionsonraithe chun teacht ar chonclúid maidir leis an idirdhealú (nó an easpa idirdhealaithe) idir seachadadh caighdeánach (iarchurtha) agus mearsheachadadh le haghaidh seirbhísí idirnáisiúnta, go sonrach le haghaidh seirbhísí idirnáisiúnta laistigh de LEE ar thaobh amháin agus seirbhísí idirnáisiúnta lasmuigh de LEE ar an taobh eile. Cé nach ndearnadh aon mheasúnú mionsonraithe ar sheirbhísí intíre, d'fhéadfadh feidhm a bheith ag an gcreat measúnaithe maidir le seirbhísí intíre chomh maith.

([15]) Iarraidh, pointe 14.

([16]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 3 Iúil 2024.

([17]) Iarraidh, pointe 17 agus Tábla 2 dar teideal 'Comparáid idir an t-am faoi bhealach ar fud cuideachtaí poist éagsúla' den Iarraidh.

([18]) Faisnéis bhreise a cuireadh isteach an 11 Meán Fómhair 2024.

([19]) Iarraidh, féach Tábla 5 dar teideal 'Seirbhísí breisluacha a thairgeann na príomhoibreoirí poist ar mhargadh na Slóvaice' den Iarraidh ina ndéanann Slovenská pošta, a.s. comparáid idir gnéithe seirbhíse breisluacha éagsúla a fhaigheann custaiméirí agus beartáin chaighdeánacha á gceannach acu ó Slovenská pošta, a.s. agus mearsheirbhísí beartán ó phríomhoibreoirí margaidh.

(21) D'fhéadfaí sainmhínithe margaidh níos cúinge a bheartú i gcásanna áirithe (i.e. seirbhísí beartseachadta intíre Tomhaltóir chuig tomhaltóir/gnólacht (C2X) agus seirbhísí beartseachadta intíre Gnólacht chuig tomhaltóir/gnólacht (B2X)). De réir an iarratasóra, úsáideann gach cuideachta, lena n-áirítear an t-iarratasóir, an bonneagar céanna chun beartáin a phróiseáil agus chun seirbhísí a sholáthar do thomhaltóirí (C2X) agus seirbhísí a sholáthar do ghnólachtaí (B2X), i gcás seirbhísí intíre sa tSlóvaic. ([20]) Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach, úsáidtear pointí bailithe, iompar seirbhíse líne, moil sórtála agus oifigí poist le haghaidh gach beartán gan idirdhealú a dhéanamh sna margaí cúnga, ionas gur féidir le húsáideoirí gnó fiú an líonra poist a úsáid chun beartáin a phróiseáil ([21]). Dá bhrí sin, tagann an Coimisiún ar an gconclúid nach gá idirdhealú a dhéanamh idir C2X agus B2X.

(22) Rinne an Coimisiún idirdhealú freisin i gcinntí roimhe seo ([22]) idir seirbhísí beartseachadta intíre agus seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta. Mheas an Coimisiún gur cuideachtaí a oibríonn líonraí dáileacháin náisiúnta a sholáthraíonn seirbhísí beartseachadta intíre, ach is éard atá i gceist le beartseachadadh idirnáisiúnta bailiú beart atá le hiompar agus le seachadadh thar lear. Tá seasamh an iarratasóra i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin ([23]). A mhéid a bhaineann leis an margadh idirnáisiúnta, déanann an t-iarratasóir idirdhealú breise idir an margadh caighdeánach idirnáisiúnta agus an margadh mearbheartseachadta idirnáisiúnta ([24]). Eascraíonn an t-idirdhealú sin as an bhfíoras go n-athraíonn an t-am seachadta idir am beartseachadta idirnáisiúnta agus am beartseachadta caighdeánach ([25]). Ina theannta sin, murab ionann agus an margadh le haghaidh seirbhísí beartseachadta caighdeánacha idirnáisiúnta, soláthraíonn oibreoirí margaidh sa mhargadh mearbheartseachadta idirnáisiúnta gnéithe breisluacha breise dá gcustaiméirí amhail rian agus lorg, ráthaíocht maidir le ham seachadta, árachas don bheartán nó an fhéidearthacht ionad agus am an tseachadta a athrú. ([26]) Aontaíonn an Coimisiún le dearcadh an iarratasóra.

(23) A mhéid a bhaineann leis an margadh le haghaidh seirbhísí cúiréireachta, is éard atá i gceist le seirbhísí cúiréireachta lastais a fhaightear ón seoltóir agus a iompraítear agus a sheachadtar go díreach chuig an seolaí faoi mhaoirseacht an duine chéanna gan aon bhailiú, sórtáil ná próiseáil chomhchosúil ar na lastais sa mhargadh intíre ([27]). Ina ionad sin, bailíonn cúiréirí na hearraí agus seachadann siad iad go díreach chuig an bhfaighteoir an lá céanna ([28]). Sa tSlóvaic, is féidir seirbhísí cúiréireachta a sholáthar faoin Dlí Poist nó faoin gCód Tráchtála, ([29]) ach ní gá ceadúnas poist a fháil chun seirbhísí cúiréireachta a sholáthar faoin gCód Tráchtála ([30]). Soláthraíonn an t-iarratasóir an tseirbhís cúiréireachta ar an margadh intíre i gcomhréir leis an Dlí Poist, Mearchúiréireacht 60 mar a thugtar air maidir le seachadadh beartán laistigh de 60 nóiméad. Ní féidir an tseirbhís seo a úsáid ach i gceantair áirithe chun bláthanna, litreacha, bronntanais nó earraí a sheachadadh. Scaoiltear an beartán leis an gcúiréir ag ionad roghnaithe an tseoltóra agus seachadtar chuig seoladh an fhaighteora é ([31]). Mar gheall ar shainiúlachtaí na seirbhíse sin (e.g. gealltanas seachadta 60 nóiméad, eagraíocht dhifriúil agus tírdhreach iomaíoch níos ilroinnte mar gheall ar easpa oibleagáide ceadúnúcháin), aontaíonn an Coimisiún le tuairim an iarratasóra gur margadh táirgí ar leithligh iad seirbhísí cúiréireachta áitiúla.

Seirbhísí eile seachas seirbhísí poist

(24) Saintréith de phost fógraíochta gan seoladh is ea nuair nach bhfuil seoladh cinn scríbe sonrach ann lena sainaithnítear an seolaí deiridh ina aonar. Comhlíonann sé critéir áirithe amhail meáchan aonfhoirmeach, formáid aonfhoirmeach, inneachar aonfhoirmeach agus leagan amach aonfhoirmeach lena ndáileadh ar ghrúpa faighteoirí. Dhearbhaigh an Coimisiún roimhe seo gur féidir an margadh le haghaidh seirbhísí seachadta poist a dheighilt i margaí poist a bhfuil seoladh orthu agus i margaí poist nach bhfuil seoladh orthu ([32]). Measann an t-iarratasóir gurb é an margadh táirgí ábhartha sa chás faoi chaibidil an margadh le haghaidh post gan seoladh ([33]). Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus aird á tabhairt ar chleachtas reatha an Choimisiúin, measann an Coimisiún gurb é an margadh táirgí ábhartha an margadh le haghaidh seirbhísí a bhaineann leis an seachadadh poist intíre gan seoladh.

([20]) Iarraidh, pointe 30.
([21]) Faisnéis bhreise a cuireadh isteach an 12 Iúil 2024, leathanach 1.
([22]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1228, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/737, Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204. Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, 21.4.2009, mír 54.
([23]) Iarraidh, pointe 134.
([24]) Iarraidh, pointí 134 agus 221.
([25]) I gcás Slovenská pošta, a.s., is é D+2 an t-am seachadta le haghaidh mearbheartáin idirnáisiúnta, agus i gcás am seachadta beartán caighdeánach idirnáisiúnta, bíonn sé idir D+4 agus D+7. Féach i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 16 Meán Fómhair 2024.
([26]) Iarraidh, Tábla 25, seirbhísí breisluacha arna dtairiscint ag na príomhoibreoirí poist ar mhargadh na Slóvaice.
([27]) Iarraidh, pointe 303.
([28]) Iarraidh, pointe 346.
([29]) Dlí Uimh. 513/1991.
([30]) Iarraidh, pointe 304.
([31]) Iarraidh, pointe 304.
([32]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/120. Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, an 21.4.2009, míreanna 66 agus 74.
([33]) Iarraidh, pointe 389.

3.2.2. *Sainmhíniú ar Mhargadh ábhartha geografach*

Seirbhísí poist

(25) De réir an iarratasóra, ba cheart an margadh geografach ábhartha le haghaidh seirbhísí beartseachadta intíre a shainiú mar mhargadh náisiúnta, lena gcuimsítear críoch Phoblacht na Slóvaice ([34]).

(26) Sa chleachtas a bhí aige roimhe seo, ([35])bhí an Coimisiún den tuairim gur margaí náisiúnta ó thaobh raon feidhme de iad na margaí le haghaidh seirbhísí beartseachadta intíre agus idirnáisiúnta, agus aon deighleog díobh, gan beann ar an difríocht idir seirbhísí beartseachadta intíre agus idirnáisiúnta. Tá seasamh an iarratasóra i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin.

(27) Soláthraíonn an t-iarratasóir seirbhísí beartseachadta intíre agus idirnáisiúnta araon sa tSlóvaic.

(28) In éagmais aon chosúlacht go bhfuil raon feidhme éagsúil ag an margadh geografach, chun críocha an mheasúnaithe faoin gCinneadh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, is féidir a mheas go gcumhdaítear críoch na Slóvaice le raon feidhme geografach na seirbhísí beartseachadta intíre agus na seirbhísí beartseachadta idirnáisiúnta.

(29) A mhéid a bhaineann le seirbhísí cúiréireachta, measann an t-iarratasóir gur cheart an margadh geografach ábhartha le haghaidh seirbhísí cúiréireachta a shainiú mar mhargadh náisiúnta, ([36])ós rud é go bhfuil eagrú ar leith ar sholáthróirí seirbhíse i ngach tír. Ina theannta sin, tá gach margadh náisiúnta éagsúil ó thaobh coinníollacha iomaíochta sonracha, difríochtaí sna praghsanna seirbhíse i measc tíortha agus teangacha ina gcuireann na soláthraithe seirbhíse a dtogra le chéile do na custaiméirí ([37]). Soláthraíonn an t-iarratasóir na seirbhísí laistigh de chríoch náisiúnta na Slóvaice. I bhfianaise chleachtas an Choimisiúin agus in éagmais aon tásc ar raon feidhme éagsúil an mhargaidh gheografaigh, chun críocha an mheasúnaithe faoin gCinneadh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, is féidir a mheas go gcumhdaítear críoch na Slóvaice le raon feidhme geografach na seirbhísí cúiréireachta.

Seirbhísí eile seachas seirbhísí poist

(30) De réir chleachtas an Choimisiúin roimhe seo, tá seachadadh poist gan seoladh geografach náisiúnta i bprionsabal, ós rud é go n-eagraítear na líonraí seachadta ar an leibhéal náisiúnta, is dócha go bhfuil difríochtaí sa phraghsáil ar fud na mBallstát éagsúil agus is ábhar fógraíochta iad formhór na míreanna poist gan seoladh, i gcás inar gné thábhachtach den spriocphobal (= seolaithe) í an teanga ([38]). Tá an sainmhíniú atá beartaithe ag an iarratasóir i gcomhréir le cleachtas an Choimisiúin ([39]). Ós rud é nach bhfuil aon chúis ann glacadh leis go mbeidh raon feidhme níos leithne nó níos cúinge ag an margadh, chun críocha an Chinnidh seo, tá raon feidhme náisiúnta ag an margadh geografach le haghaidh seirbhísí poist gan seoladh.

3.2.3. *Anailís mhargaidh*

3.2.3.1. Seirbhísí beartseachadta intíre

(31) De réir an iarratasóra, tá 25 sholáthraí seirbhísí beartseachadta poist gníomhach sa tSlóvaic ([40]). Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach, is ann do 5 sholáthraí seirbhísí poist a bhfuil níos mó ná 10 % an ceann acu de mhargadh na seirbhísí beartseachadta intíre. De réir na faisnéise a bhí ar fáil, ba é [20-25] % an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir sa deighleog sin den mhargadh in 2020, [15-20] % in 2021 agus [15-20] % in 2022 i dtéarmaí luacha ([41]). De réir na sonraí a chuir an t-iarratasóir isteach, meastar go dtiocfaidh laghdú breise ar sciar an iarratasóra den mhargadh go [10-15] % in 2023 ([42]).

([34]) Iarraidh, pointe 37.
([35]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1204. Féach freisin Cás COMP/M.5152 — Posten AB/Post Danmark A/S, an 21.4.2009, míreanna 66 agus 74.
([36]) Iarraidh, pointe 310.
([37]) Iarraidh, pointe 306.
([38]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1195 ón gCoimisiún an 4 Iúil 2016 lena ndíolmhaítear seirbhísí cúiréireachta agus seirbhísí nach seirbhísí poist iad sa Pholainn ó chur i bhfeidhm Threoir 2014/25/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le soláthar arna dhéanamh ag eintitis a fheidhmíonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/17/CE (IO L 197, 22.7.2016, lch 4).
([39]) Iarraidh, pointe 393.
([40]) Cláraíodh 17 as 26 oibreoir poist in 2012 i gClár na bhfiontar poist. I gcás FIEGE s.r.o., cuireadh an ceadúnas ar fionraí an 1.7.2013. Cláraíodh 9 n-oibreoir poist eile in 2014, féach Iarraidh, pointí 42 agus 43.
([41]) Le hIarraidh, Fíor 5 dar teideal 'Struchtúr mhargadh an bheartseachadta intíre bunaithe ar luachanna ioncaim', soláthraítear sonraí le haghaidh 2020-2022 bunaithe ar ráitis airgeadais oibreoirí poist atá ar fáil go poiblí agus iarscríbhinní a ghabhann leis na ráitis airgeadais.
([42]) Iarraidh, Fíor 5. Tá an sciar den mhargadh le haghaidh na bliana 2023 bunaithe ar réamhthorthaí neamhiniúchta Slovenská pošta, a.s.

(32) Tá sciartha margaidh iomaitheoirí an iarratasóra inchomparáide le sciartha margaidh an iarratasóra. Is iad seo a leanas sciartha margaidh na n-iomaitheoirí is mó i dtéarmaí luacha le haghaidh na tréimhse idir 2020 agus 2022: le haghaidh na bliana 2020, SPS [20-25] %, DPD [15-20] %, DHL [15-20] %, GLS [10-15] % agus Packeta [5-10] %; le haghaidh na bliana 2021, SPS [20-25] %, DHL [15-20] %, GLS [15-20] %, DPD [10-15] % agus Packeta [10-15] %; le haghaidh na bliana 2022, SPS [20-25] %, Packeta [15-20] %, GLS [15-20] %, DHL [10-15] % agus DPD [10-15] %. ([43]) Le haghaidh na bliana 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh le haghaidh phríomhiomaitheoirí an iarratasóra: Packeta [20-25] %, SPS [15-20] %, GLS [15-20] %, DHL [10-15] % agus DPD [5-10] %. ([44])

(33) I dtéarmaí méid, ba é [25-30] % an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir sa deighleog sin den mhargadh in 2020, [25-30] % in 2021 agus [20-25] % in 2022 ([45]). A mhéid a bhaineann leis na sciartha den mhargadh a bhí ag iomaitheoirí, bhí [20-25] % ag an dara hoibreoir in 2020, [20-25] % in 2021 agus [20-25] % in 2022. Bhí [20-25] % ag an tríú hoibreoir in 2020, [20-25] % in 2021 agus [15-20] % in 2022. Bhí [15-20] % ag an gceathrú hoibreoir in 2020, [15-20] % in 2021 agus [15-20] % in 2022 ([46]). Dá bhrí sin, tá na sciartha den mhargadh a bhí ag na hiomaitheoirí inchomparáide le sciartha den mhargadh a bhí ag an iarratasóir.

(34) Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach, tá bacainní ísle ar iontráil sa mhargadh chun seirbhísí beartseachadta intíre a sholáthar. Is é an t-aon cheanglas foirmiúil chun dul isteach sa mhargadh clárú roimh ré i gclárlann na n-oibreoirí poist ([47]). Le clárú ™ INTERNATIONAL s. r. o. agus Nova Post SK s.r.o. in 2023, deimhnítear a thuilleadh nach bhfuil aon bhacainn (nó nach bhfuil aon bhacainn shuntasach ar a laghad) ar iontráil ([48]).

(35) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí 31, 32, 33 agus 34, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar seirbhísí beartseachadta intíre sa tSlóvaic neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí chun an ghníomhaíocht a shaothrú a bhaineann le seirbhísí beartseachadta intíre sa tSlóvaic.

3.2.3.2. Seirbhísí beartseachadta caighdeánacha idirnáisiúnta

(36) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, tá 5 sholáthraí seirbhísí beartseachadta poist sa mhargadh le haghaidh seirbhísí beartseachadta caighdeánacha idirnáisiúnta ([49]). Ina theannta sin, dar leis an iarratasóir, tá bacainní ísle ar iontráil sa mhargadh chun seirbhísí beartseachadta caighdeánacha idirnáisiúnta a sholáthar ([50]). Is é an t-aon cheanglas foirmiúil chun dul isteach sa mhargadh clárú roimh ré i gclárlann na n-oibreoirí poist ([51]). Le clárú oibreoirí poist, amhail Fusion trans s.r.o. in 2019 agus ™ INTERNATIONAL s.r.o. agus Nova Post SK s.r.o. in 2023, deimhnítear a thuilleadh nach bhfuil aon bhacainn ann (nó nach bhfuil aon bhacainn shuntasach ann ar a laghad) ar iontráil sa mhargadh ([52]).

(37) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach ([53]), ba é [20-25] % in 2022 agus [25-30] % in 2023 an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir, i dtéarmaí luacha, sa deighleog sin den mhargadh.

([43]) Iarraidh, Fíor 5 dar teideal 'Struchtúr mhargadh an bheartseachadta intíre bunaithe ar luachanna ioncaim'.

([44]) Iarraidh, Fíor 5 dar teideal 'Struchtúr mhargadh an bheartseachadta intíre bunaithe ar luachanna ioncaim'. Tá na sciartha den mhargadh le haghaidh na bliana 2023 bunaithe ar réamhthorthaí neamhiniúchta Slovenská pošta, a.s. agus úsáid á baint as an meánráta fáis bliantúil ioncaim le haghaidh na mblianta 2020 go 2022.

([45]) Le hIarraidh, Fíor 7 dar teideal 'Struchtúr mhargadh an bheartseachadta intíre bunaithe idir 2020-2022 ar mhéideanna', soláthraítear sonraí le haghaidh 2020-2022 bunaithe ar thuarascálacha Údarás Rialála na Slóvaice um Chumarsáid Leictreonach agus Seirbhísí Poist (dá ngairtear 'NRA' anseo feasta). Foilsíonn NRA sonraí anaithnide faoi sciar an mhargaidh d'oibreoirí poist aonair idir 2020 agus 2022, i gcás ina léirítear na sciartha den mhargadh le haghaidh céatadán cumaiscthe de mhearbheartáin agus de bheartáin chaighdeánacha. Ríomhtar an sciar den mhargadh atá ag Slovenska pošta, a.s. bunaithe ar cheistneoir éigeantach a sheolann an t-oibreoir poist chuig NRA gach bliain, ceistneoir ina gcuireann siad méideanna seachadta in iúl.

([46]) Iarraidh, Fíor 7 dar teideal 'Struchtúr mhargadh an bheartseachadta intíre bunaithe idir 2020-2022'. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh ord na n-oibreoirí aonair a bheith éagsúil gach bliain, rud a chiallaíonn go bhféadfadh oibreoir a cháiligh sa dara háit in 2020 a bheith ina oibreoir difriúil in 2022.

([47]) Airteagal 19 de Dhlí Poist Uimh. 324/2011 maidir le seirbhísí poist agus maidir le leasuithe agus forlíontaí ar ghníomhartha áirithe an 23 Samhain 2019.

([48]) Iarraidh, pointe 108.

([49]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil an 12 Meán Fómhair 2024.

([50]) Iarraidh, pointe 143.

([51]) Airteagal 19 de Dhlí Poist Uimh. 324/2011 maidir le seirbhísí poist agus maidir le leasuithe agus forlíontaí ar ghníomhartha áirithe an 23 Samhain 2019.

([52]) Iarraidh, pointe 188.

([53]) Iarraidh, Fíor 14 dar teideal 'Struchtúr mhargadh na mbeartán caighdeánach idirnáisiúnta bunaithe ar luachanna ioncaim in 2020-2023'. Tá struchtúr measta an mhargaidh le haghaidh na mblianta 2020-2022 bunaithe ar ioncaim na bpríomhghníomhaithe margaidh atá gníomhach sa tSlóvaic, a bhfuil an ceadúnas acu chun seirbhís uilíoch, seirbhísí idirmhalartaithe nó seirbhísí eile a sholáthar (i.e., Slovenská pošta, a.s., Mediaprint - Kapa Pressegrosso, a.s., 123Kurier agus UPS na Slóvaice). Tá na sonraí bunaithe ar ráitis airgeadais atá ar fáil go poiblí agus ar iarscríbhinní a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tá struchtúr réamh-mheasta an mhargaidh atá bunaithe ar luachanna ioncaim sa bhliain 2023 bunaithe ar réamhthorthaí neamhiniúchta Slovenská pošta, a.s.; réamh-mheastar torthaí na bpríomhiomaitheoirí trí úsáid a bhaint as an meánráta fáis bliantúil ioncaim do na blianta 2020 – 2022. Tá an meastachán le haghaidh 123Kurier bunaithe ar an meánráta fáis bliantúil ioncaim ar an margadh.

(38) Seo a leanas na sciartha den mhargadh a bhí ag na hiomaitheoirí is mó, ó thaobh luacha de, le haghaidh na bliana 2022: UPS na Slóvaice [45-50] %, 123kurier [25-30] %, Mediaprint - Kapa Pressegrosso, a.s. [0-5] %. Don bhliain 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh: UPS na Slóvaice [40-45] %, 123kurier [25-30] %, Mediaprint - Kapa Pressegrosso, a.s. [0-5] %. Tá an sciar den mhargadh atá ag an iarratasóir inchomparáide leis an sciar den mhargadh atá ag 123kurier agus tá sé níos ísle ná an sciar den mhargadh atá ag UPS na Slóvaice. I dtéarmaí méid, chomhfhreagródh sciartha margaidh an iarratasóra agus a phríomhiomaitheoirí go bunúsach do na sciartha a léirítear i dtéarmaí luacha. ([54])

(39) Tá coinne leis go dtiocfaidh méadú breise ar an iomaíocht sa deighleog sin den mhargadh le teacht isteach Nova Post SK s.r.o. ([55]) sa mhargadh in 2023.

(40) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí 36, 37, 38 agus 39, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar seirbhísí beartseachadta caighdeánacha idirnáisiúnta sa tSlóvaic neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí chun an ghníomhaíocht réamhluaite a shaothrú.

3.2.3.3. Seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta

(41) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, tá 10 soláthraí seirbhísí beartseachadta poist ar an margadh le haghaidh seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta ([56]). Ina theannta sin, tá bacainní ísle ar iontráil sa mhargadh chun seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta a sholáthar. Is é an t-aon cheanglas foirmiúil chun dul isteach sa mhargadh ná clárú roimh ré i gclárlann na n-oibreoirí poist ([57]).

(42) De réir na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, ba é [0-5] % an sciar den mhargadh a bhí ag an iarratasóir sa deighleog sin den mhargadh in 2020, [0-5] % in 2021 agus [0-5] % in 2022 i dtéarmaí luacha agus méid araon ([58]). De réir shonraí an iarratasóra, meastar go dtiocfaidh laghdú ar sciar an iarratasóra den mhargadh go [0-5] % in 2023 ([59]).

(43) Tá beagnach 90 % den mhargadh mearbheartán idirnáisiúnta sa tSlóvaic cumhdaithe ag ceithre oibreoir poist a bhfuil sciartha den mhargadh os cionn 10 % acu i dtéarmaí luacha agus méid araon. Ní bhaineann an t-iarratasóir le ceann de na soláthraithe seirbhíse poist is mó sa mhargadh sin ([60]). Dá bhrí sin, i bhfianaise sciar an iarratasóra den mhargadh, cuireann na hiomaitheoirí sin brú iomaíoch ar an iarratasóir. Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil na hiomaitheoirí sin, murab ionann agus an t-iarratasóir, faoi réir na rialacha soláthair phoiblí, rud a thabharfadh buntáiste iomaíoch breise dóibh thar an iarratasóir.

(44) Tá coinne leis freisin go dtiocfaidh méadú breise ar an iomaíocht sa deighleog sin den mhargadh le teacht isteach Nova Post SK s.r.o. sa mhargadh in 2023 ([61]).

(45) Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, ba cheart glacadh leis na tosca a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí 41, 42, 43 agus 44 mar léiriú ar neamhchosaint dhíreach an iarratasóra ar iomaíocht a chumhdaítear le forálacha an dlí soláthair. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí chun an ghníomhaíocht réamhluaite a shaothrú.

3.2.3.4. Seirbhísí cúiréireachta intíre

(46) Bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir isteach, tá roinnt oibreoirí poist ag feidhmiú laistigh den tSlóvaic, agus a líonra féin ag gach ceann acu ([62]).

([54]) Féach i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil don Choimisiún an 22 Lúnasa 2024. Soláthraíonn an t-iarratasóir a mheastacháin le haghaidh sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí an iarratasóra, ar bhonn na méideanna ar na margaí idirnáisiúnta (caighdeánacha agus meara). Chun méid iomlán an mhargaidh a roinnt i measc na bpríomhiomaitheoirí, d'úsáid an t-iarratasóir mar athróg ionadach sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí an iarratasóra arna ríomh bunaithe ar ioncaim.I ndáil leis sin, chuir an t-iarratasóir san áireamh méid iomlán an mhargaidh a d'fhoilsigh NRA agus rinne sé sciartha margaidh phríomhiomaitheoirí an iarratasóra a eachtarshuí bunaithe ar ioncaim.

([55]) Iarraidh, pointe 189.

([56]) Féach i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil don Choimisiún an 12 Meán Fómhair 2024.

([57]) Iarraidh, pointe 228.

([58]) Le hIarraidh, Fíor 22 dar teideal 'Struchtúr mhargadh na mearbheartán idirnáisiúnta bunaithe ar luachanna ioncaim', soláthraítear sonraí le haghaidh 2020-2022 bunaithe ar ráitis airgeadais oibreoirí poist atá ar fáil go poiblí agus iarscríbhinní a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

([59]) Iarraidh, Fíor 22. Tá an sciar den mhargadh don bhliain 2023 bunaithe ar réamhthorthaí neamhiniúchta Slovenská pošta, a.s.

([60]) Féach i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir ar fáil don Choimisiún an 22 Lúnasa 2024 maidir le struchtúr an mhargaidh le haghaidh seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta.

([61]) Iarraidh, pointe 189.

([62]) Iarraidh, pointe 369.

(47) Is féidir an ghníomhaíocht ar mhargadh ábhartha na seirbhísí cúiréireachta a dhéanamh gan dul isteach i gclárlann na n-oibreoirí poist ([63]). I ndáil leis sin, ní gá inniúlacht ghairmiúil a chruthú chun gníomhaíocht den sórt sin a chur i gcrích. Dá bhrí sin, níl aon cheanglas foirmiúil ann lena dteorannaítear iontráil seirbhísí cúiréireachta ar an margadh ábhartha ([64]).

(48) Tá sciar an-bheag den mhargadh ag an iarratasóir sa mhargadh sin. Go sonrach, bhí sciar den mhargadh [0-5] % ag an iarratasóir in 2020, [0-5] % in 2021 agus [0-5] % in 2022 i dtéarmaí luacha ([65]) agus méid araon ([66]). De réir an iarratasóra, meastar go bhfanfaidh sciar an iarratasóra den mhargadh ag 0,02 % in 2023.

(49) Is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh atá ag príomhiomaitheoirí an iarratasóra i dtéarmaí luacha ([67]) agus méid ([68]) le haghaidh na tréimhse idir 2020 agus 2022: le haghaidh na bliana 2020, KOLOS [55-60] %, DER KURIER Slovakia spol. [20-25] %, GO4 [15-20] % agus DHL Express (Slovakia), spol. [0-5] %. le haghaidh na bliana 2021, KOLOS [50-55] %, DER KURIER Slovakia spol. [25-30] %, GO4 [15-20] % agus DHL Express (Slovakia), spol. [0-5] %. le haghaidh na bliana 2022, KOLOS [40-45] %, DER KURIER Slovakia spol. [30-35] %, GO4 [20-25] % agus DHL Express (Slovakia), spol. [0-5] %. Le haghaidh na bliana 2023, is iad seo a leanas na sciartha den mhargadh le haghaidh phríomhiomaitheoirí an iarratasóra: KOLOS [35-40] %, DER KURIER Slovakia spol. [35-40] %, GO4 [20-25] % agus DHL Express (Slovakia), spol. [0-5] %.

(50) I bhfianaise na dtosca a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí 46, 47, 48 agus 49, chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, cinneann an Coimisiún go bhfuil an ghníomhaíocht a bhaineann le soláthar seirbhísí cúiréireachta intíre sa tSlóvaic neamhchosanta go díreach ar iomaíocht. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí atá beartaithe chun saothrú na gníomhaíochta réamhráite a chumasú.

3.2.3.5. Seirbhísí intíre seachadta poist gan seoladh

(51) Ar bhonn na faisnéise a chuir an t-iarratasóir isteach, is féidir an ghníomhaíocht ar an margadh seachadta poist ábhartha gan seoladh a dhéanamh gan iontráil i gclárlann na n-oibreoirí poist. Níl aon cheanglais fhoirmiúla ann a chuireann teorainn leis an iontráil ar an margadh poist ábhartha gan seoladh ([69]).

(52) Tá sciar réasúnta beag den mhargadh ag an iarratasóir sa mhargadh sin. Go sonrach, bhí sciar den mhargadh [0-5] % ag an iarratasóir in 2021, [0-5] % in 2021 agus [0-5] % in 2022 i dtéarmaí luacha. De réir an iarratasóra, meastar go mbeidh sciar an iarratasóra den mhargadh gar do [0-5] % in 2023 ([70]). I dtéarmaí méide, bhí sciar [5-10] % den mhargadh ag an iarratasóir in 2020, [5-10] % in 2021 agus [5-10] % in 2022 ([71]). Táthar ag súil go dtiocfaidh méadú beag ar sciar an iarratasóra den mhargadh go [5-10] % in 2023 ([72]).

(53) Tá níos mó ná 10 soláthraí seirbhíse ag feidhmiú sa mhargadh sin a bhfuil níos mó ná 90 % den mhargadh acu le chéile. ([73]) Thairis sin, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil na hiomaitheoirí sin, murab ionann agus an t-iarratasóir, faoi réir na rialacha soláthair phoiblí, rud a thabharfadh buntáiste iomaíoch breise dóibh thar an iarratasóir.

([63]) Iarraidh, pointe 313.
([64]) Iarraidh, pointe 313.
([65]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir faoi bhráid an Choimisiúin an 23 Lúnasa 2024. Chuir an t-iarratasóir a mheastacháin ar an margadh isteach, i dtéarmaí luacha, bunaithe ar ráitis bhliantúla na gcuideachtaí ábhartha. Rinneadh meastachán ar ioncam chuideachta DHL ar mhargadh na seirbhísí cúiréireachta bunaithe ar chéatadán na míreanna seirbhísí cúiréireachta ar iomlán na seirbhísí poist sa mhargadh intíre agus ar ioncam DHL sa mhargadh intíre.
([66]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir isteach an 23 Lúnasa 2024. Bhí na meastacháin ar na sciartha den mhargadh, i dtéarmaí méid, bunaithe ar mhéid iomlán an mhargaidh, arna bhfoilsiú ag NRA. Rinne an t-iarratasóir an sciar den mhargadh atá ag gach oibreoir poist a eachtarshuí arna ríomh bunaithe ar ioncaim.
([67]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir isteach an 23 Lúnasa 2024.
([68]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir isteach an 23 Lúnasa 2024.
([69]) Iarraidh, pointe 396.
([70]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir isteach an 27 Lúnasa 2024. Tá meastacháin an iarratasóra bunaithe ar ráitis bhliantúla na gcuideachtaí roghnaithe. I ndáil leis sin, bhreithnigh an t-iarratasóir ioncaim ó ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith bainteach le seachadadh poist gan seoladh.
([71]) Is é an teideal atá ar Iarraidh, Fíor 34 'Sciaranna Slovenská pošta, a.s. ar mhargadh intíre an poist gan seoladh idir 2020 – 2023 bunaithe ar mhéideanna'. Tá na sonraí sin bunaithe ar an tuarascáil a sholáthraíonn Slovenská pošta, a.s. do NRA go bliantúil laistigh den phróiseas caighdeánach bailithe sonraí le haghaidh na n-oibreoirí poist uile atá gníomhach i margadh poist Phoblacht na Slóvaice.
([72]) Iarraidh, Fíor 34. Tá an sciar den mhargadh le haghaidh na bliana 2023 bunaithe ar réamhthorthaí neamhiniúchta Slovenská pošta, a.s.
([73]) Féach, i ndáil leis sin, faisnéis bhreise a chuir an t-iarratasóir isteach an 1 Meán Fómhair 2024.

(54) Chun críocha an Chinnidh seo agus gan dochar do dhlí na hiomaíochta, ba cheart glacadh leis na tosca a dtugtar tuairisc orthu in aithrisí 51, 52 agus 53 mar léiriú ar neamhchosaint dhíreach an iarratasóra ar iomaíocht a chumhdaítear le forálacha an dlí soláthair. Dá bhrí sin, ós rud é go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 34 de Threoir 2014/25/AE, is féidir teacht ar an gconclúid nach bhfuil feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le conarthaí atá beartaithe chun saothrú na gníomhaíochta réamhráite a chumasú.

4. **CONCLÚID**

(55) I bhfianaise na dtosca a scrúdaítear in aithrisí 6 go 54, ba cheart a mheas go gcomhlíontar an coinníoll maidir le neamhchosaint dhíreach ar iomaíocht a leagtar síos in Airteagal 34(1) de Threoir 2014/25/AE sa tSlóvaic i ndáil leis an ngníomhaíocht a bhaineann le seirbhísí beartseachadta intíre, seirbhísí caighdeánacha idirnáisiúnta beartseachadta, seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta, seirbhísí cúiréireachta intíre, agus seirbhísí seachadta poist intíre gan seoladh.

(56) Ós rud é go meastar an coinníoll maidir le rochtain neamhshrianta ar an margadh a bheith comhlíonta, níor cheart feidhm a bheith ag Treoir 2014/25/AE nuair a dhéanann eintitis chonarthacha conarthaí a dhámhachtain lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in aithris 55 den Chinneadh seo a dhéanamh sa tSlóvaic, ná nuair a eagraítear comórtais dheartha chun críche gníomhaíocht den sórt sin sa limistéar geografach sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ní bheidh feidhm ag Treoir 2014/25/AE maidir le dámhachtain conarthaí ag eintitis chonarthacha ar conarthaí iad lena mbeartaítear a fhágáil gur féidir na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh sa tSlóvaic:

— Seirbhísí beartseachadta intíre

— Seirbhísí beartán caighdeánacha idirnáisiúnta

— Seirbhísí mearbheartseachadta idirnáisiúnta

— Seirbhísí cúiréireachta intíre

— Seirbhísí intíre seachadta poist gan seoladh

Airteagal 2

Dírítear an Cinneadh seo chuig Poblacht na Slóvaice.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
Margrethe VESTAGER
Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin